

# Oíche Shamhna

Bíonn an-sport ag na páistí Oíche Shamhna. Cuireann Liam **masc gránna** agus sean-éadaí air féin. Téann sé **ó theach go teach** ag bailiú cnónna agus úll. Taitníonn an tae go mór le Nóra mar bíonn báirín breac le n-ithe. Bíonn na páistí go léir **ag súil** leis an bhfáinne. An té a fhaigheann an fáinne **is túisce** a phósfaidh. Nuair a bhíonn a ndóthain ite acu tosaíonn siad ag imirt cluichí. Cuireann Daidí úll ar crochadh ón tsíleáil. Bíonn na páistí ag iarraidh píosa a bhaint as gan lámh a chur air. De ghnáth teipeann ar Nóra agus Liam greim a fháil air lena bhfiacla. **I ndeireadh na dála** beireann Tomás greim láimhe air agus itheann sé é. Ansin bíonn cluiche na bhfochupán acu. Bíonn uisce i bhfochupán amháin, cré i gceann eile agus fáinne sa tríú ceann. Cuireann Mamaí **púicín** orthu ansin, agus bíonn orthu lámh a chur ar fhochupán amháin. An té a chuireann a lámh san uisce is túisce a rachaidh thar sáile. An té a fhaigheann an fáinne is túisce a phósfaidh. An té a fhaigheann an chré is túisce a gheobhaidh bás. Cuireann Daidí airgead i mbáisín uisce. Déanann na páistí iarracht breith ar an airgead lena mbéal. Bíonn gruaig Thomáis **fliuch báite** agus bíonn an t-urlár fliuch salach aige ag an gcluiche sin. Bíonn greann agus spórt thar barr acu an oíche sin. Teastaíonn ó Liam **tine chnámh** a lasadh ach ní thugann Daidí cead dó. Itheann siad a lán cnónna agus úlla agus oráistí.

## A. Foclóir

**gránna,** ugly
**ag súil,** expecting; looking forward to
**púicín,** blindfold
**is túisce a . . .,** the first to . . .

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a dtéann Liam ó theach go teach Oíche Shamhna?
   — **chun cnónna agus úlla a bhailiú.**
   — chun labhairt leis na comharsana.
   — chun leabhair a bhailiú.
2. Cad a dhéanann Tomás leis an úll?
   — cuireann sé ar crochadh ón tsíleáil é.
   — cuireann sé sa bháisín uisce é.
   — beireann sé air agus itheann sé é.
3. Cad a bhíonn sna fochupáin?
   — bainne, oráiste agus líomanáid.
   — uisce, cré agus fáinne.
   — tae, arán agus subh.

## C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. An té a fhaigheann an fáinne is túisce a -.
2. Nuair a bhíonn a ndóthain ite acu tosaíonn siad - -.
3. Déanann na páistí iarracht breith ar an airgead - -.
4. Teastaíonn ó Liam tine chnámh a lasadh ach ní thugann - - -.

## D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuireann Liam air féin Oíche Shamhna?
2. Cad leis a mbíonn na páistí go léir ag súil?
3. Cén fáth a dteipeann ar Nóra agus Liam breith ar an úll?
4. Cad a dhéanann siad leis an mbáisín uisce?
5. Cén fáth a mbíonn an t-urlár fliuch salach?
6. Cén fáth nach dtugann Daidí cead do Liam tine chnámh a lasadh?
7. Ainmnigh na cluichí go léir a bhíonn ag na páistí Oíche Shamhna.

## Gramadach 6

1. "Teipeann **ar Nóra** greim a fháil ar an úll".
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)
2. "An té a **fhaigheann an fáinne** is túisce **a phósfaidh.**"
   rith go tapaidh/buaigh an rás. déan obair mhaith/faigh airgead.
3. Beireann Síle ar a rothar gach Satharn. Téann sí ag rothaíocht faoin tuath. Feiceann sí coinín ar thaobh an bhóthair. Cloiseann sí Clog an Aingil á bhualadh. Faigheann sí dhá úll i siopa ar thaobh an bhóthair. Tugann sí úll amháin dá cara. Deir sí léi é a ithe. Itheann sí féin an ceann eile. Tagann sí abhaile um thráthnóna. Déanann sí obair dá Mamaí. Bíonn sí sásta léi féin.
   Scríobh an scéal ag tosú mar seo:
   Beirimid ar ár rothair gach Satharn . . .